Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5286/23**

**CDR 8**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar triúr comhaltaí agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. Le litreacha dar dáta an 21 Meitheamh 2022, an 20 Meán Fómhair 2022, an 21 Deireadh Fómhair 2022, an 8 Samhain 2022 agus an 23 Eanáir 2023, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Sergio CACI, Guido CASTELLI agus Salvatore Domenico Antonio POGLIESE, comhaltaí Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar ceapadh iad, agus gur éirigh Roberto PELLA, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, as oifig[1].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 10546/22, 12743/22, 14505/22 + ADD 1, 14665/22.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhaltaí a chur ina n-ionad, mhol Rialtas na hIodáile[2] Lorenzo GALLIGANI, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Consigliere del Comune di Pistoia* (Comhalta de Chomhairle Bhardasach Pistoia), agus Andrea PUTZU, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Consigliere della Regione Marche* (Comhalta de Chomhairle Réigiúnach Marche), mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025, agus Roberto PELLA, ar ionadaí de chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Sindaco del Comune di Valdengo* (BI) (Méara Bardas Valdengo (BI)) mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 31 Bealtaine 2024.

4. Thairis sin, i gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Roberto PELLA, mhol Rialtas na hIodáile Antonio DECARO, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Sindaco del Comune di Bari* (Méara Bhardas Bari), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún go dtí an 31 Bealtaine 2024.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 5285/23 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[2] 5281/23.